2024/1856

1.7.2024

RIALACHÁN (AE) 2024/1856 ÓN gCOMHAIRLE

an 28 Meitheamh 2024

lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/257 ón gComhairle lena socraítear le haghaidh 2024, 2025 agus 2026 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais, agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, agus Rialachán (AE) 2023/194 lena socraítear le haghaidh 2023 deiseanna iascaireachta den sórt sin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2024/257 ([1]) ón gComhairle socraítear le haghaidh 2024, 2025 agus 2026 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad. Ba cheart na deiseanna iascaireachta sin a leasú, lena n-áirítear bearta áirithe atá nasctha go feidhmiúil leo, chun foilsiú na comhairle eolaíche a chur san áireamh chomh maith le torthaí an chomhairliúcháin le tríú tíortha agus eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh (ERBInna).

(2) Le Rialachán (AE) 2024/257 socraítear go sealadach ag nialas na gabhálacha iomlána incheadaithe (TAC) le haghaidh ainseabhaithe (*Engraulis encrasicolus*) i bhfolimistéir 9 agus 10 den Chomhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (ICES) agus in uiscí an Aontais i roinn 34.1.1 den Choiste Iascaigh um an Atlantach Thoir Láir (CECAF) le haghaidh na tréimhse ón 1 Iúil 2024 go dtí an 30 Meitheamh 2025, go dtí go bhfoilseoidh ICES a chomhairle eolaíoch i gcás ainseabhaithe i roinn 9a ICES le haghaidh na tréimhse sin. Chun go bhféadfar leanúint den iascaireacht go dtí go socrófar an TAC le haghaidh an stoic sin le haghaidh na tréimhse ón 1 Iúil 2024 go dtí an 30 Meitheamh 2025, ba cheart TAC sealadach a shocrú ar leibhéal 4 997 dtona le haghaidh na tréimhse ón 1 Iúil 2024 go dtí an 30 Meán Fómhair 2024. Comhfhreagraíonn an leibhéal sin do ghabhálacha an stoic sin arna ndéanamh ag na Ballstáit sa tríú ráithe de 2023.

(3) An 28 Márta 2024 d'fhoilsigh an Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (CETEI) a thuairim maidir leis an tionchar socheacnamaíoch a bhaineann leis an TAC a shocrú le haghaidh mangach (*Pollachius pollachius*) i ranna 8a, 8b, 8d agus 8e ICES le haghaidh 2024 ar an leibhéal a mhol ICES agus lena léirítear leibhéal an TAC sin is gá chun feiniméan an 'tachtspeicis' a sheachaint ([2]). Dá bhrí sin, ba cheart an TAC cinntitheach le haghaidh 2024 a shocrú, lena chur in ionad an TAC sealadach a leagtar síos le Rialachán (AE) 2024/257 le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 30 Meitheamh 2024. De bhun Airteagal 5(3) de Rialachán (AE) 2019/472 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), ba cheart an TAC sin a shocrú ar leibhéal 959 dtona, lena gceadófar do na cabhlaigh, de réir na tuairime sin ó CETEI, leanúint d'fheidhmiú go dtí an ceathrú ráithe den bhliain agus an méid seo a leanas a laghdú dá réir: (i) feiniméan an 'tachtspeicis' agus dúnadh roimh am na n-iascach ábhartha; agus (ii) na tionchair shocheacnamaíocha ghaolmhara ar earnáil an iascaigh.

(4) An 18 agus an 19 Meitheamh 2024, bhí comhairliúcháin ag an Aontas agus ag an Iorua maidir leis an méid seo a leanas: (i) leibhéal na ndeiseanna foriomlána iascaireachta le haghaidh séaclaí Artacha i ranna 3a agus 4a ICES le haghaidh na tréimhse ón 1 Iúil 2024 go dtí an 30 Meitheamh 2025; chomh maith le (ii) leibhéal an TAC le haghaidh séaclaí Artacha i roinn 3a ICES. Rinneadh toradh na gcomhairliúchán sin a dhoiciméadú i dTaifead Comhaontaithe a síníodh an 19 Meitheamh 2024. Ba cheart, dá bhrí sin, an TAC i gcomhair séaclaí Artacha i roinn 3a ICES a shocrú ar an leibhéal a comhaontaíodh leis an Iorua. Ina theannta sin, bhreithnigh an tAontas agus an Iorua aistrithe séaclaí Artacha in uiscí na hIorua sa Mhuir Thuaidh laisteas de 62°T ón Iorua chuig an Aontas, sa bhreis ar an leibhéal a leagtar amach i dTábla 2 den Taifead Comhaontaithe ar na comhairliúcháin iascaigh idir an tAontas agus an Iorua le haghaidh 2024, a síníodh an 8 Nollaig 2023. Ba cheart cuótaí na mBallstát le haghaidh séaclaí Artacha in uiscí na Graonlainne d'fholimistéir 5 agus 14 ICES a leasú dá réir sin.

([1]) Rialachán (AE) 2024/257 ón gComhairle an 10 Eanáir 2024 lena socraítear le haghaidh 2024, 2025 agus 2026 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/194 (IO L, 2024/257, 11.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/257/oj).

([2]) Is speiceas é an 'tachtspeiceas' a bhfuil easpa cuóta air agus a d'fhéadfadh stop a chur le hiascaireacht soithigh iascaireachta amháin nó níos mó fiú má tá cuóta fós acu le haghaidh speicis eile.

([3]) Rialachán (AE) 2019/472 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do stoic a dhéantar a iascach in Uiscí an Iarthair agus sna huiscí máguaird agus d'iascaigh a shaothraíonn na stoic sin, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2016/1139 agus (AE) 2018/973 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007 agus (CE) Uimh. 1300/2008 ón gComhairle (IO L 83, 25.3.2019, lch. 1).

(5) Idir an 23 Bealtaine agus an 4 Meitheamh 2024, thionóil an tAontas, an Ríocht Aontaithe agus an Iorua comhairliúcháin maidir leis an méid seo a leanas: (i) leibhéal na ndeiseanna iascaireachta foriomlána le haghaidh salán (*Sprattus sprattus*) in uiscí an Aontais agus uiscí na Ríochta Aontaithe i bhfolimistéar 4 agus roinn 2a ICES agus in uiscí an Aontais agus uiscí na hIorua i roinn 3a ICES le haghaidh na tréimhse ón 1 Iúil 2024 go dtí an 30 Meitheamh 2025; agus (ii) leibhéil na TACanna le haghaidh salán sna limistéir sin. Rinneadh toradh na gcomhairliúchán sin a dhoiciméadú i dTaifead Comhaontaithe a síníodh an 11 Meitheamh 2024. Maidir leis na TACanna le haghaidh salán agus foghabhálacha gaolmhara le haghaidh na tréimhse ón 1 Iúil 2024 go dtí an 30 Meitheamh 2025 in: (i) uiscí an Aontais agus uiscí na Ríochta Aontaithe i bhfolimistéar 4 agus roinn 2a ICES; agus (ii) uiscí an Aontais agus uiscí na hIorua i roinn 3a ICES, ba cheart iad a shocrú ar na leibhéil a comhaontaíodh leis an Ríocht Aontaithe agus leis an Iorua.

(6) Idir an 14 agus an 24 Bealtaine 2024, chuaigh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe i mbun comhairliúcháin de bhun Airteagal 498(2), (4) agus (6) den Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile ([4]) (an 'Comhaontú'), maidir le leibhéal an TAC le haghaidh salán i ranna 7d agus 7e ICES le haghaidh na tréimhse ón 1 Iúil 2024 go dtí an 30 Meitheamh 2025. Rinneadh toradh na gcomhairliúchán sin a dhoiciméadú i dTaifead i Scríbhinn a síníodh an 30 Bealtaine 2024. Ba cheart, dá bhrí sin, an TAC le haghaidh salán agus foghabhálacha gaolmhara i ranna 7d agus 7e ICES le haghaidh na tréimhse sin a shocrú ar an leibhéal a comhaontaíodh leis an Ríocht Aontaithe.

(7) Chomhaontaigh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe, i mír (m) de Thaifead i Scríbhinn an Aontais Eorpaigh agus na Ríochta Aontaithe ar na comhairliúcháin iascaigh idir an Ríocht Aontaithe agus an tAontas Eorpach le haghaidh 2024, iarraidh chomhpháirteach a chur faoi bhráid ICES chun comhairle athbhreithnithe a fhoilsiú bunaithe ar thoradh an tagarmhairc agus chun an TAC le haghaidh an tsóil choitinn i Muir Éireann (SOL/07A) a leasú i gcomhréir leis an gcomhairle athbhreithnithe sin. An 13 Meitheamh 2024, chuaigh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe i mbun comhairliúcháin de bhun Airteagal 498(5) den Chomhaontú agus é mar aidhm acu teacht ar chomhaontú maidir le TAC leasaithe le haghaidh an tsóil choiteann (Solea solea) i roinn 7a ICES le haghaidh 2024. Rinneadh toradh na gcomhairliúchán sin a dhoiciméadú i dTaifead i Scríbhinn a síníodh an 17 Meitheamh 2024. Is iomchuí, dá bhrí sin, leibhéal an TAC sin a leasú agus é a shocrú ar an leibhéal a comhaontaíodh leis an Ríocht Aontaithe.

(8) Chun gur féidir tús a chur leis an iascaireacht an 1 Iúil 2024, ba cheart cuóta de chuid an Aontais a shocrú le haghaidh péirsí mara (*Sebastes* spp.) in uiscí idirnáisiúnta i bhfolimistéir 1 agus 2 ICES le haghaidh 2024. Ba cheart an cuóta sin de chuid an Aontais a shocrú ar leibhéal 6 000 tona, i.e. ar an leibhéal céanna agus a bhí ann in 2023, go dtí go mbeidh comhairle eolaíoch ar fáil agus ionas gur féidir gníomhaíochtaí iascaireachta an Aontais le haghaidh an stoic in uiscí idirnáisiúnta a choinneáil ar an leibhéal stairiúil.

(9) Ag an gcruinniú bliantúil a bhí aige in 2024, leasaigh Coimisiún Iascaigh an Aigéin Chiúin Thuaidh (NPFC) bearta le haghaidh ronnaigh Sheapánacha (*Scomber japonicus*) i limistéar Choinbhinsiún NPFC agus, den chéad uair, bhunaigh sé teorainneacha gabhála le haghaidh an stoic sin atá ar fáil do Pháirtithe Conarthacha uile NPFC, lena n-áirítear an tAontas, le haghaidh trálaer agus soithí peas-saighne faoi seach le haghaidh na tréimhse ón 1 Meitheamh 2024 go dtí an 31 Bealtaine 2025. Ina theannta sin, bhunaigh NPFC méid breise den stoc sin don Aontas le haghaidh na tréimhse céanna sin. Bhunaigh sé teorainneacha iarrachta gaolmhara freisin. Thairis sin, bhunaigh NPFC bearta atá nasctha go feidhmiúil leis na teorainneacha gabhála sin agus leis an méid breise sin, agus gan na bearta sin: (i) ní fhéadfaí na teorainneacha gabhála sin a bhunú le haghaidh Pháirtithe Conarthacha uile NPFC; agus (ii) níor mhór na deiseanna iascaireachta le haghaidh ronnaigh Sheapánacha i limistéar Choinbhinsiún NPFC a laghdú chun na speicis nach spriocspeicis iad a chosaint. Ba cheart na deiseanna iascaireachta sin agus na bearta sin atá nasctha go feidhmiúil leo a chur chun feidhme i ndlí an Aontais. Maidir leis na teorainneacha gabhála agus an méid breise don Aontas, ós rud é nach ndearna na Ballstáit iascaireacht ar an stoc sin san am atá caite, ba cheart na deiseanna iascaireachta sin a chionroinnt ar leibhéal an Aontais.

(10) Le Rialachán (AE) 2024/897 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]), leasaítear, *inter alia*, Airteagal 33 de Rialachán (AE) 2017/2107 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]) trí fhoráil nua a chur isteach lena gcuirtear toirmeasc ar shoithí de chuid an Aontais dochar a dhéanamh do shiorcanna mácónna biorshrónacha a ghabhtar san Aigéan Atlantach lastuaidh de 5°T, agus lena gceanglaítear ar shoithí de chuid an Aontais na siorcanna mácónna biorshrónacha sin a scaoileadh san fharraige go pras, agus aird chuí á tabhairt ar shábháilteacht baill den chriú. Chun forálacha forluiteacha maidir leis an ábhar céanna a sheachaint, is iomchuí Airteagal 27(6) de Rialachán (AE) 2024/257 a scriosadh.

([4]) IO L 149, 30.4.2021, lch. 10.

([5]) Rialachán (AE) 2024/897 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Márta 2024 lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2107 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme i limistéar an Choimisiúin Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh (ICCAT) agus Rialachán (AE) 2023/2053 lena mbunaítear plean ilbhliantúil bainistíochta don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir (IO L, 2024/897, 19.3.2024 , ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/897/oj).

([6]) Rialachán (AE) 2017/2107 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Samhain 2017 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme i limistéar an Choinbhinsiúin de chuid an Choimisiúin Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh (ICCAT), agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1936/2001, Rialachán (CE) Uimh. 1984/2003 agus Rialachán (CE) Uimh. 520/2007 ón gComhairle (IO L 315, 30.11.2017, lch. 1).

(11) Le hAirteagal 32 agus 34 go 36 de Rialachán (AE) 2017/2107, cuirtear toirmeasc cheana féin ar shoithí de chuid an Aontais aon pháirt de chonablach nó conablach iomlán siorcanna súisteála mórshúileacha (*Alopias superciliosus*), siorcanna bána aigéanacha (*Carcharhinus longimanus*), siorcanna ceann casúir den fhine Sphyrnidae agus síodsiorcanna (*Carcharhinus falciformis*), a ghabhtar i gcomhar le hiascaigh i limistéar Choinbhinsiún ICCAT, a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú nó a thabhairt i dtír, agus ceanglaítear go ndéanfaí eiseamail gan díobháil a scaoileadh san fharraige go pras. Chun forálacha forluiteacha maidir leis an ábhar céanna a sheachaint, is iomchuí Airteagal 27(1) agus (3) go (5) de Rialachán (AE) 2024/257 a scriosadh.

(12) De bhun Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2023/2053 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]), chuir Ballstáit áirithe pleananna bainistíochta bliantúla athbhreithnithe maidir le hiascaireacht agus acmhainneacht faoi bhráid an Choimisiúin ina n-iarrtar 5 % dá gcuóta bliantúil de thuinníní gorma (*Thunnus thynnus*) san Aigéan Atlantach, lastoir de 45ºI, agus sa Mheánmhuir a thabhairt anonn ó 2023 go 2024. Bunaithe ar na pleananna sin, an 23 Bealtaine 2024, chuir an Coimisiún plean bliantúil athbhreithnithe de chuid an Aontais le haghaidh 2024 faoi bhráid Rúnaíocht ICCAT lena fhormheas ag ICCAT. An 24 Bealtaine 2024, d'fhormheas ICCAT an plean bliantúil athbhreithnithe sin de chuid an Aontais. Chun comhsheasmhacht a áirithiú le plean bliantúil athbhreithnithe an Aontais arna fhormheas ag ICCAT, ba cheart, dá bhrí sin, an TAC le haghaidh tuinníní gorma san Aigéan Atlantach, lastoir de 45ºI, agus sa Mheánmhuir le haghaidh 2024 a leasú dá réir sin.

(13) De bhun Airteagal 15(7) de Rialachán (AE) 2023/2053, chuir Ballstáit áirithe pleananna bainistíochta feirmeoireachta athbhreithnithe le haghaidh tuinníní gorma i limistéar Choinbhinsiún ICCAT faoi bhráid an Choimisiúin. Bunaithe ar na pleananna athbhreithnithe sin, an 23 Bealtaine 2024, chuir an Coimisiún plean bliantúil athbhreithnithe de chuid an Aontais le haghaidh 2024 faoi bhráid Rúnaíocht ICCAT lena fhormheas ag ICCAT. An 24 Bealtaine 2024, d'fhormheas ICCAT an plean sin. Ba cheart, dá bhrí sin, uas-ionchur agus uasacmhainneacht feirmeoireachta an Aontais a leasú i gcomhréir leis an bplean sin. Ní dochar an méid sin do cheart na mBallstát a bpleananna bainistíochta feirmeoireachta a ullmhú agus a chur isteach do na blianta atá le teacht de réir Airteagal 15 (3) agus (4) de Rialachán (AE) 2023/2053.

(14) Tá earráidí áirithe in Airteagal 20(1) agus i dtáblaí TAC áirithe in Iarscríbhinn IA, Codanna B agus IK, a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/257, agus in Airteagal 18(1) de Rialachán (AE) 2023/194 ón gComhairle agus Iarscríbhinn IA, Cuid D, a ghabhann leis ([8]) a mhéid a bhaineann le leibhéil na ndeiseanna iascaireachta, speicis, limistéir cur i bhfeidhm agus cóid tuairiscithe. Is iomchuí, dá bhrí sin, na forálacha sin a cheartú dá réir sin.

(15) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialacháin (AE) 2023/194 agus (AE) 2024/257 a leasú dá réir sin.

(16) Forálacha áirithe den Rialachán seo lena leasaítear forálacha de chuid Rialachán (AE) 2024/257 a bhaineann le deiseanna iascaireachta le haghaidh déadiasc (*Dissostichus* spp.) i limistéar Chomhaontú Iascaigh an Aigéin Indiaigh Theas SIOFA, ba cheart feidhm a bheith acu ón 1 Nollaig 2023, i gcomhréir le tréimhse chur i bhfeidhm na bhforálacha leasaithe. Ina theanna sin, maidir le forálacha an Rialacháin seo lena leasaítear forálacha de chuid Rialacháin (AE) 2023/194 agus (AE) 2024/257 maidir le: (i) mangaigh i ranna 8a, 8b, 8d agus 8e ICES; (ii) tuinníní gorma san Aigéan Atlantach, lastoir de 45ºI, agus sa Mheánmhuir; agus (iii) forálacha eile faoi réir ceartú earráidí, ba cheart feidhm a bheith acu ón 1 Eanáir 2024, i gcomhréir le tréimhse chur i bhfeidhm na bhforálacha lena mbaineann. Ní dhéanann an cur i bhfeidhm cúlghabhálach sin difear do phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla ná do phrionsabal an ionchais dhlisteanaigh, ós rud é go gcuirtear le leibhéal nó limistéar chur i bhfeidhm na ndeiseanna iascaireachta nó na dteorainneacha feirmeoireachta.

(17) I bhfianaise na práinne atá le briseadh sna gníomhaíochtaí iascaireachta a sheachaint, ba cheart an Rialachán seo teacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

([7]) Rialachán (AE) 2023/2053 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2023 lena mbunaítear plean bainistíochta ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach thoir agus sa Mheánmhuir, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1936/2001, (AE) 2017/2107 agus (AE) 2019/833, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2016/1627 (IO L 238, 27.9.2023, lch. 1).

([8]) Rialachán (AE) 2023/194 ón gComhairle an 30 Eanáir 2023 lena socraítear le haghaidh 2023 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais, agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, chomh maith le deiseanna iascaireachta den sórt sin a shocrú le haghaidh 2023 agus 2024 le haghaidh stoic éisc áirithe dhomhainfharraige (IO L 28, 31.1.2023, lch. 1).

Airteagal 1

Leasúithe ar Rialachán (AE) 2024/257

Leasaítear Rialachán (AE) 2024/257 mar a leanas:

(1) in Airteagal 1(2), cuirtear an pointe seo a leanas leis:

'(d) na deiseanna iascaireachta le haghaidh na tréimhse ón 1 Meitheamh 2024 go dtí an 31 Bealtaine 2025 i limistéar Choinbhinsiún Choimisiún Iascaigh an Aigéin Chiúin Thuaidh (NPFC).'

(2) in Airteagal 4, cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

'(ra) ciallaíonn "limistéar Choinbhinsiún NPFC" an limistéar geografach a shainítear sa Choinbhinsiún um Chaomhnú agus Bainistiú Acmhainní Iascaigh na Mórmhara san Aigéan Ciúin Thuaidh (*);

(*) IO L 55, 28.2.2022, lch. 14. D'aontaigh an tAontas don Choinbhinsiún um Chaomhnú agus Bainistiú Acmhainní Iascaigh na Mórmhara san Aigéan Ciúin Thuaidh trí bhíthin Chinneadh (AE) 2022/314 ón gComhairle an 15 Feabhra 2022 maidir le haontachas an Aontais Eorpaigh don Choinbhinsiún um Chaomhnú agus Bainistiú Acmhainní Iascaigh na Mórmhara san Aigéan Ciúin Thuaidh (IO L 55, 28.2.2022, lch. 12).';

(3) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

'Airteagal 12a

Bearta maidir le mangaigh i ranna 8a, 8b, 8d agus 8e ICES

Beidh feidhm ag íosmhéid tagartha caomhnaithe 42 cm maidir le gabhálacha mangach i ranna 8a, 8b, 8d agus 8e ICES.'

(4) in Airteagal 20(1), scriostar pointí (c) go (f);

(5) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 27:

'Airteagal 27

Siorcanna

I dteannta na dtoirmeasc a bhunaítear le hAirteagail 32 go 36 de Rialachán (AE) 2017/2107, toirmeascfar freisin tabhairt faoi iascaireacht spriocdhírithe ar speicis siorcanna súisteála den ghéineas *Alopias*.'

(6) cuirtear an Roinn seo a leanas isteach:

ROINN 11A

LIMISTÉAR CHOINBHINSIÚN NPFC

Airteagal 48a

Iascach ronnach Seapánach

1. I gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais a dhéanann iascaireacht i limistéar Choinbhinsiún NPFC, tarchuirfidh na Ballstáit bhrataí na sonraí comhiomlánaithe seo a leanas chuig an gCoimisiún faoi na dátaí seo a leanas:

(a) gabhálacha míosúla faoi na teorainneacha gabhála le haghaidh ronnaigh Sheapánacha (*Scomber japonicus*) le haghaidh Pháirtithe Conarthacha uile i NPFC le haghaidh trálaer agus soithí peas-saighne faoi seach mar a leagtar amach in Iarscríbhinn IM i gcás ina bhfuil úsáid na dteorainneacha gabhála sin faoi bhun 60 %, faoin 7ú lá den mhí dar gcionn; agus

(b) gabhálacha seachtainiúla ronnach Seapánach faoi na teorainneacha gabhála sin i gcás ina bhfuil úsáid na dteorainneacha gabhála sin os cionn 60 % agus faoi bhun 95 %, faoi Mháirt na seachtaine dár gcionn.

Déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis sin a chur i dtoll a chéile agus a tharchur go pras chuig Rúnaí Feidhmiúcháin NPFC.

2. Laistigh de 2 lá ó dháta eisiúna na bhfógraí ó Rúnaíocht Feidhmiúcháin NPFC lena dtabharfar le fios gur bhain úsáid na dteorainneacha gabhála sin 95 % amach, dúnfaidh an Coimisiún na hiascaigh faoi na teorainneacha gabhála sin.

3. Déanfaidh an Coimisiún gabhálacha bliantúla ronnach Seapánach i limistéar Choinbhinsiún NPFC a chur i dtoll a chéile agus a tharchur chuig Rúnaíocht Feidhmiúcháin NPFC faoi dheireadh mhí Feabhra na bliana dár gcionn.

4. Beidh feidhm ag an Airteagal seo sa bhreis ar na hoibleagáidí tuairiscithe maidir le deiseanna iascaireachta a leagtar amach in Airteagal 33 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle (*).

Airteagal 48b

Siorcanna i limistéar Choinbhinsiún NPFC a chosaint

1. Soithí iascaireachta de chuid an Aontais a dhéanfaidh iascaireacht i limistéar Choinbhinsiún NPFC, ní dhéanfaidh siad iascaireacht ar shiorcanna ná ní dhéanfaidh siad iad a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú ná a thabhairt i dtír i limistéar Choinbhinsiún NPFC.

2. Nuair a ghabhfar de thaisme eiseamail de na speicis dá dtagraítear i mír 1, ní dhéanfar aon dochar dóibh agus scaoilfear go pras iad.

Airteagal 48c

Éisc anadromacha i limistéar Choinbhinsiún NPFC a chosaint

1. Ní dhéanfaidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais a dhéanann iascaireacht i limistéar Choinbhinsiún NPFC iascaireacht ar bhradáin keta (*Oncorhynchus keta*), bradáin coho (*Oncorhynchus kisutch*), bradáin bhándearga (*Oncorhynchus gorbuscha*), bradáin dhearga (*Oncorhynchus nerka*), ríbhradáin (*Oncorhynchus tshawytscha*), bradáin masu (*Oncorhynchus masou*) agus bric dhea-dhathacha (*Oncorhynchus mykiss*) ná ní dhéanfaidh siad iad a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú ná a thabhairt i dtír.

2. Nuair a ghabhfar de thaisme eiseamail de na speicis dá dtagraítear i mír 1, ní dhéanfar aon dochar dóibh agus scaoilfear go pras iad.

(*) IO L 55, 28.2.2022, lch. 14. D'aontaigh an tAontas don Choinbhinsiún um Chaomhnú agus Bainistiú Acmhainní Iascaigh na Mórmhara san Aigéan Ciúin Thuaidh trí bhíthin Chinneadh (AE) 2022/314 ón gComhairle an 15 Feabhra 2022 maidir le haontachas an Aontais Eorpaigh don Choinbhinsiún um Chaomhnú agus Bainistiú Acmhainní Iascaigh na Mórmhara san Aigéan Ciúin Thuaidh (IO L 55, 28.2.2022, lch. 12)..

(7) in Airteagal 55(1), scriostar pointe (d);

(8) in Airteagal 59, leasaítear an tríú mír mar seo a leanas:

(a) cuirtear an pointe seo a leanas isteach i ndiaidh phointe (a):

'(aa) Beidh feidhm ag Airteagal 12a ón 1 Iúil 2024 go dtí an 31 Nollaig 2024 nó go dtí an dáta a thiocfaidh gníomh tarmligthe i bhfeidhm a ghlacfar i gcomhréir le hAirteagal 15(2) de Rialachán (AE) 2019/1241 agus lena leasaítear Iarscríbhinn VII, Cuid A, a ghabhann leis an Rialachán sin maidir leis an íosmhéid tagartha caomhnaithe le haghaidh mangach i ranna 8a, 8b, 8d agus 8e ICES, cibé acu is luaithe;';

(b) cuirtear an pointe seo a leanas isteach i ndiaidh phointe (g):

'(ga) Beidh feidhm ag Roinn 11a ón 1 Meitheamh 2024 go dtí an 31 Bealtaine 2025 nó go dtí an dáta a thiocfaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i bhfeidhm lena leagtar síos bearta is infheidhme sa limistéar a chumhdaítear leis an gCoinbhinsiún um Chaomhnú agus Bainistiú Acmhainní Iascaigh na Mórmhara san Aigéan Ciúin Thuaidh, cibé acu is luaithe;'

(c) cuirtear an pointe seo a leanas isteach i ndiaidh phointe (j):

'(ja) Beidh feidhm ag Iarscríbhinní IM agus Xa ón 1 Meitheamh 2024 go dtí an 31 Bealtaine 2025;';

(9) Leasaítear Iarscríbhinní IA, IB, ID, IK agus VI i gcomhréir le hIarscríbhinn I, cuid 1, a ghabhann leis an Rialachán seo;

(10) Cuirtear Iarscríbhinní IM isteach i gcomhréir le hIarscríbhinn I, codanna II agus III, a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2023/194

Leasaítear Rialachán (AE) 2023/194 mar a leanas:

(1) in Airteagal 18(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (p):

'(p) speicis domhainfharraige a liostaítear in Iarscríbhinn IA, Cuid D, in uiscí an Aontais, uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí idirnáisiúnta sna limistéir seo a leanas de chuid ICES: 1; 2, seachas uiscí na Ríochta Aontaithe i roinn 2a; 5 go 10; 12 agus 14, agus limistéir 34.1.1, 34.1.2 agus 34.2 CECAF. Ina theannta sin, in uiscí an Aontais agus uiscí na Ríochta Aontaithe i roinn 2a agus folimistéar 4 ICES, sna cásanna a shonraítear san Iarscríbhinn sin.';

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 55(1), pointe (k):

'(k) siorcanna domhainfharraige a liostaítear in Iarscríbhinn IA, Cuid D, in uiscí an Aontais: i bhfolimistéir 6 go 10 ICES agus i limistéir 34.1.1, 34.1.2 agus 34.2 CECAF. Ina theannta sin, in uiscí an Aontais i bhfolimistéar 4 ICES, sna cásanna a shonraítear san Iarscríbhinn sin.';

(3) Leasaítear Iarscríbhinn IA i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Nollaig 2023. Beidh feidhm ag Airteagal 2, afach, ón 1 Eanáir 2024.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Meitheamh 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

H. LAHBIB

IARSCRÍBHINN I

I. Leasaítear Iarscríbhinní IA, IB, ID, IK agus VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/257 mar a leanas:

(1) in Iarscríbhinn IA, Cuid A, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thábla 2:

‘

Tábla 2				
Speiceas:	An t-ainseabhaí *Engraulis encrasicolus*		Limistéar:	9 agus 10; Uiscí an Aontais in CECAF 34.1.1 (ANE/9/3411)
An Spáinn	2 390	(1)	TAC Anailíseach	
An Phortaingéil	2 607	(1)		
An tAontas	4 997	(1)		
TAC	4 997	(1)		
(1)	Ní fhéadfar an cuóta seo a iascach ach ón 1 Iúil 2024 go dtí an 30 Meán Fómhair 2024.			

’;

(2) in Iarscríbhinn IA, Cuid A, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thábla 17:

‘

Tábla 17				
Speiceas:	An mangach *Pollachius pollachius*		Limistéar:	8a, 8b, 8d agus 8e (POL/8ABDE.)
An Spáinn	163	(1)	TAC Anailíseach	
An Fhrainc	796	(1)		
An tAontas	959	(1)		
TAC	959	(1)		
(1)	A bhféadfar suas le 500 tona de a ghabháil in iascaigh dhírithe. Is mar fhoghabháil amháin a fhéadfar na 459 dtona atá fágtha a ghabháil, agus déanfar iad a thuairisciú ar leithligh (POL/*8ABDE-BC) agus ní cheadaítear aon iascach dírithe. I gcás na 500 tona, beidh feidhm ag an méid seo a leanas:			
	An Spáinn	85		
	An Fhrainc	415		
	An tAontas	500		

’;

(3) in Iarscríbhinn IA, Cuid B, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thábla 77:

‘

Tábla 77				
Speiceas:	An séacla Artach *Pandalus borealis*		Limistéar:	3a (PRA/03A.)
An Danmhairg	1 107	(1)	TAC Anailíseach	
An tSualainn	596	(1)	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
An tAontas	1 703	(1)	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
TAC	3 190	(1)		
(1)	Ní fhéadfar an cuóta seo a iascach ach ón 1 Iúil 2024 go dtí an 30 Meitheamh 2025.			

’;

(4) in Iarscríbhinn IA, Cuid B, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thábla 103:

‘

Tábla 103					
Speiceas:	Ronnach *Scomber scombrus*			Limistéar:	3a; uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais in 2a, 3b, 3c, 3d agus 4; uiscí na hIorua in 2a agus 4a (MAC/2A34-N.)
An Bheilg	476	(1)(2)		TAC Anailíseach	
An Danmhairg	27 882	(1)(2)(4)		Tá feidhm ag Airteagal 7(2) den Rialachán seo	
An Ghearmáin	496	(1)(2)			
An Fhrainc	1 498	(1)(2)			
An Ísiltír	1 508	(1)(2)			
An tSualainn	4 569	(1)(2)(3)			
An tAontas	36 429	(1)(2)			
TAC	739 386				

(1) Coinníoll speisialta: laistigh de theorainneacha na gcuótaí sin, ní fhéadfar níos mó ná na cainníochtaí a thugtar thíos a ghabháil sna limistéir seo a leanas:

	3a (MAC/*03A.)	Uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais in 3a, 4b agus 4c (MAC/*3A4BC)	4b (MAC/*04B.)	4c (MAC/*04C.)	Uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí idirnáisiúnta in 2a, 5b, 6, 7, 8d, 8e, 12 agus 14 (MAC/*2AX14)
An Bheilg	0	0	0	0	286
An Danmhairg	0	4 130	0	0	9 774
An Ghearmáin	0	0	0	0	298
An Fhrainc	0	490	0	0	899
An Ísiltír	0	490	0	0	905
An tSualainn	0	0	390	10	2 741
An tAontas	0	5 110	390	10	14 903

(2) Laistigh de theorainneacha na gcuótaí sin, agus i gcomhaontú leis an Stát cósta ábhartha, ní fhéadfar níos mó ná na cainníochtaí a thugtar thíos a ghabháil ach an oiread sa dá limistéar seo a leanas:

	uiscí na hIorua in 2a agus 4a (MAC/*02A 4AN-)	uiscí Fharó (MAC/*FR O1)
An Bheilg	0	Le bunú
An Danmhairg	0	Le bunú
An Ghearmáin	0	Le bunú
An Fhrainc	0	Le bunú
An Ísiltír	0	Le bunú
An tSualainn	0	Le bunú
An tAontas	0	Le bunú

(3) Coinníoll speisialta: lena n-áirítear an tonnáiste seo a leanas atá le gabháil in uiscí na hIorua in 2a agus 4a (MAC/*2A4AN):

322

Nuair a bheifear ag iascach faoin gcoinníoll speisialta seo, ní mór foghabhálacha trosc, cadóg, mangach, faoitíní agus glasán a chomhaireamh in aghaidh na gcuótaí le haghaidh na speiceas sin.

(4) Laistigh de theorainneacha an chuóta seo, déanfaidh an Danmhairg na haistrithe seo a leanas a bheidh le hiascach in uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais in 6, 7, 8d; Uiscí an Aontais in 8a, 8b agus 8e; uiscí idirnáisiúnta in 12 agus 14; agus uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí idirnáisiúnta in 2a agus 5b (MAC/*2A14):

An Ghearmáin	531
An Spáinn	1
An Eastóin	4
An Fhrainc	354
Éire	1 769
An Laitvia	3
An Liotuáin	3
An Ísiltír	774
An Pholainn	37

’;

(5) in Iarscríbhinn IA, Cuid B, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thábla 108:

‘

Tábla 108

Speiceas:	An sól coiteann *Solea solea*		Limistéar:	7a (SOL/07A.)
An Bheilg		280	TAC Anailíseach	
An Fhrainc		4		
Éire		95		
An Ísiltír		89		
An tAontas		468		
An Ríocht Aontaithe		145		
TAC		625		

’;

(6) in Iarscríbhinn IA, Cuid B, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thábla 113:

‘

Tábla 113				
Speiceas:	An salán agus foghabhálacha gaolmhara *Sprattus sprattus*		Limistéar:	3a (SPR/03A.)
An Danmhairg	9 236	(1)(2)(3)	TAC Anailíseach	
An Ghearmáin	19	(1)(2)(3)		
An tSualainn	3 495	(1)(2)(3)		
An tAontas	12 750	(1)(2)(3)		
TAC	13 784	(2)		

(1) Féadfaidh suas le 5 % den chuóta a bheith ina fhoghabhálacha faoitíní agus cadóg (OTH/*03A.). Foghabhálacha faoitíní agus cadóg arna gcomhaireamh in aghaidh an chuóta de bhun na forála seo agus foghabhálacha speiceas arna gcomhaireamh in aghaidh an chuóta de bhun Airteagal 15(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, ní rachaidh siad, i dteannta a chéile, thar 9 % den chuóta.

(2) Ní fhéadfar an cuóta seo a iascach ach ón 1 Iúil 2024 go dtí an 30 Meitheamh 2025.

(3) Féadfar aistrithe an chuóta seo a dhéanamh chuig uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais in 2a agus 4. Mar sin féin, tabharfar fógra don Choimisiún agus don Ríocht Aontaithe roimh ré faoi na haistrithe sin.

’;

(7) in Iarscríbhinn IA, Cuid B, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thábla 114:

‘

Tábla 114					
Speiceas:	An salán agus foghabhálacha gaolmhara *Sprattus sprattus*			Limistéar:	Uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais in 4; Uiscí na Ríochta Aontaithe in 2a (SPR/2AC4-C)
An Bheilg		696	(1)(2)	TAC Anailíseach	
An Danmhairg		55 072	(1)(2)		
An Ghearmáin		696	(1)(2)		
An Fhrainc		696	(1)(2)		
An Ísiltír		696	(1)(2)		
An tSualainn		1 330	(1)(2)(3)		
An tAontas		59 186	(1)(2)		
An Iorua		0	(1)		
Oileáin Fharó		0	(1)(4)		
An Ríocht Aontaithe		2 351	(1)		
TAC		61 537	(1)		

(1) Ní fhéadfar an cuóta seo a iascach ach ón 1 Iúil 2024 go dtí an 30 Meitheamh 2025.

(2) Féadfaidh suas le 2 % den chuóta a bheith ina fhoghabhálacha faoitíní (OTH/*2AC4C). Foghabhálacha faoitíní arna gcomhaireamh in aghaidh an chuóta de bhun na forála seo agus foghabhálacha speiceas arna gcomhaireamh in aghaidh an chuóta de bhun Airteagal 15(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, ní rachaidh siad, i dteannta a chéile, thar 9 % den chuóta.

(3) Lena n-áirítear corra gainimh.

(4) Féadfaidh suas le 4 % de a bheith ina fhoghabhálacha scadán.

’;

(8) in Iarscríbhinn IA, Cuid B, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thábla 115:

‘

Tábla 115					
Speiceas:	An salán *Sprattus sprattus*			Limistéar:	7d agus 7e (SPR/7DE.)
An Bheilg	9	(1)		TAC Anailíseach	
An Danmhairg	620	(1)			
An Ghearmáin	9	(1)			
An Fhrainc	134	(1)			
An Ísiltír	134	(1)			
An tAontas	906	(1)			
An Ríocht Aontaithe	4344	(1)			
TAC	5250	(1)			
(1)	Ní fhéadfar an cuóta seo a iascach ach ón 1 Iúil 2024 go dtí an 30 Meitheamh 2025.				

’;

(9) in Iarscríbhinn IA, Cuid B, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thábla 123:

‘

Tábla 123					
Speiceas:	Éisc thionsclaíocha			Limistéar:	Uiscí na hIorua in 4 (I/F/04-N.)
An tSualainn	800	(1)(2)		TAC Réamhchúraim	
An tAontas	800				
TAC	Ní bhaineann le hábhar				
(1)	Ní mór foghabhálacha trosc, cadóg, mangach, faoitíní agus glasán a chomhaireamh in aghaidh na gcuótaí sin le haghaidh na speiceas sin.				
(2)	Coinníoll speisialta: nach mbeidh níos mó ná an méid seo a leanas de bholmáin ann (JAX/*04-N.): 400				

’;

(10) in Iarscríbhinn IB, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thábla 13:

‘

Tábla 13			
Speiceas:	An séacla Artach *Pandalus borealis*	Limistéar:	uiscí na Graonlainne in 5 agus 14 (PRA/514GRN)
An Danmhairg	1 725	TAC Anailíseach	
An Fhrainc	1 725	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
An tAontas	3 450	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
An Iorua	1 700		
Oileáin Fharó	0		
TAC	Ní bhaineann le hábhar		

’;

(11) in Iarscríbhinn IB, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thábla 23:

‘

Tábla 23			
Speiceas:	An phéirse mhara *Sebastes* spp.	Limistéar:	Uiscí idirnáisiúnta in 1 agus 2 (RED/1/2INT)
An tAontas	6 000 [1]	TAC Anailíseach Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
TAC	Ní bhaineann le hábhar	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
[1]	Ní fhéadfar é a iascach ach ón 1 Iúil go dtí an 31 Nollaig. Cuirfidh soithí iascaireachta teorainn lena bhfoghabhálacha péirsí mara in iascaigh eile ag méid uasta 1 % den ghabháil iomlán a choinnítear ar bord		

’;

(12) in Iarscríbhinn ID, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thábla 12:

‘

Tábla 12				
Speiceas:	An tuinnín gorm *Thunnus thynnus*		Limistéar:	An tAigéan Atlantach, lastoir de 45°I, agus an Mheánmhuir (BFT/AE45WM)
An Chipir	188,48	(4)	TAC Anailíseach	
An Ghréig	357,49		Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
An Spáinn	6 904,70	(2)(4)	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
An Fhrainc	6 807,40	(2)(3)(4)		
An Chróit	1 101,24	(6)		
An Iodáil	5 440,04	(4)(5)		
Málta	438,06	(4)		
An Phortaingéil	643,03			
Ballstáit eile	79,60	(1)		
An tAontas	21 960,05	(2)(3)(4)(5)		
TAC	40 570,00	(1)		

(1) Cé is moite den Chipir, den Ghréig, den Spáinn, den Fhrainc, den Chróit, den Iodáil, de Mhálta agus den Phortaingéil, agus mar fhoghabháil amháin. Na gabhálacha atá le comhaireamh in aghaidh an chuóta chomhroinnte seo, déanfar iad a thuairisciú ar leithligh (BFT/AE45WM_AMS).

(2) Coinníoll speisialta: laistigh den TAC seo, beidh feidhm ag na teorainneacha gabhála agus an chionroinnt idir na Ballstáit seo a leanas maidir le gabhálacha tuinníní gorma idir 8 kg/75 cm agus 30 kg/115 cm ag na soithí dá dtagraítear i bpointe 1 d’Iarscríbhinn VI (BFT/*8301):

An Spáinn	1 049,60
An Fhrainc	487,60
An tAontas	1 537,20

(3) Coinníoll speisialta: laistigh den TAC seo, beidh feidhm ag na teorainneacha gabhála agus an chionroinnt idir na Ballstáit seo a leanas maidir le gabhálacha tuinníní gorma nach lú ná 6,4 kg a meáchan nó nach lú ná 70 cm a bhfad ag na soithí dá dtagraítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn VI (BFT/*641):

An Fhrainc	100,00
An tAontas	100,00

(4) Coinníoll speisialta: laistigh den TAC seo, beidh feidhm ag na teorainneacha gabhála agus na cionranna seo a leanas idir na Ballstáit maidir le gabhálacha tuinníní gorma idir 8 kg/75 cm agus 30 kg/115 cm ag na soithí dá dtagraítear i bpointe 2 d'Iarscríbhinn VI (BFT/*8302):

An Spáinn	138,09
An Fhrainc	136,15
An Iodáil	108,80
An Chipir	3,77
Málta	8,76
An tAontas	395,57

(5) Coinníoll speisialta: laistigh den TAC seo, beidh feidhm ag na teorainneacha gabhála agus na cionranna seo a leanas idir na Ballstáit maidir le gabhálacha tuinníní gorma idir 8 kg/75 cm agus 30 kg/115 cm ag na soithí dá dtagraítear i bpointe 3 d'Iarscríbhinn VI (BFT/*643):

An Iodáil	108,80
An tAontas	108,80

(6) Coinníoll speisialta: laistigh den TAC seo, beidh feidhm ag na teorainneacha gabhála agus na cionranna seo a leanas idir na Ballstáit maidir le gabhálacha tuinníní gorma idir 8 kg/75 cm agus 30 kg/115 cm ag na soithí dá dtagraítear i bpointe 3 d'Iarscríbhinn VI chun críoch feirmeoireachta (BFT/*8303F):

An Chróit	991,12
An tAontas	991,12

';

(13) in Iarscríbhinn IK, cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhonóta 1 i dTábla 1:

‘

(1)	Limistéar a theorannaíonn: - le domhanleithead 36°00'D ó dheas, - le domhanfhad 49°00'O thoir, - le domhanfhad 40°00'O thiar, - leis na limistéir eacnamaíocha eisiacha chóngaracha ó thuaidh.

’;

(14) in Iarscríbhinn IK, cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhonóta 1 i dTábla 2:

‘

(1)	Limistéar a theorannaíonn: - domhanleithead 44°00'D ó thuaidh agus laistiar de 44°09'O agus domhanleithead 43°30'D agus lastoir de 44°09'O, - le domhanleithead 45°00'D ó dheas, - na limistéir eacnamaíocha eisiacha chóngaracha thiar agus thoir.

’;

(15) in Iarscríbhinn IK, cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhonóta 1 i dTábla 3:‘

(1) An limistéar a theorannaíonn na comhordanáidí seo a leanas:

Pointe	Domhanleithead	Domhanfhad
1	52°50'00"D	80°00'00"O
2	55°00’00" D	80°00'00"O
3	55°00’00" D	85°00'00"O
4	52°50'00"D	85°00'00"O

’;

(16) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 4 d'Iarscríbhinn VI:

‘4. An líon uasta soithí iascaireachta de chuid gach Ballstáit a fhéadfar a údarú le tuinníní gorma a iascach, a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú, a iompar nó a thabhairt i dtír san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir.

Tábla A

	An líon soithí iascaireachta[1]							
	An Ghréig[2]	An Spáinn	An Fhrainc	An Chróit	An Iodáil	An Chipir[3]	Málta[4]	An Phortaingéil
Soithí peas-saighne[5]	0	7	22	18	21	1	2	0
Soithí spiléireachta	0	38	23	0	40	17	63	0
Báid bhaoite	0	66	8	0	0	0	0	0
Dorú láimhe	0	1	47	24	0	0	0	0
Trálaeir	0	0	56	0	0	0	0	0
Soithí cósta ar mionscála	64	696	89	20	0	0	0	0
Soithí iascaireachta eile ar mionscála[6]	41	0	60	0	142	0	240	76

(1) Féadfar na huimhreacha sa tábla seo a mhéadú a thuilleadh, ar choinníoll go gcomhlíonfar oibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais.

(2) Cuireadh líon nach mó ná 10 soitheach spiléireachta, nó soitheach peas-saighne beag amháin agus trí shoitheach iascaireachta mionscála eile in ionad soitheach peas-saighne meánmhéide amháin.

(3) Féadfar líon nach mó ná 10 soitheach spiléireachta nó soitheach peas-saighne beag amháin agus líon nach mó ná trí shoitheach spiléireachta a chur in ionad soitheach peas-saighne meánmhéide amháin.

(4) Féadfar líon nach mó ná 10 soitheach spiléireachta a chur in ionad soitheach peas-saighne meánmhéide amháin.

(5) Is de thoradh aistrithe idir Ballstáit é líon aonair na soithí peas-saighne sa tábla seo agus ní hionann é agus cearta stairiúla don todhchaí.

(6) Soithí ilchuspóireacha, a bhaineann úsáid as iltrealamh (spiléar, dorú láimhe, dorú trollála).

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1856/oj

(17) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn VI, pointe 6:‘

6. Uas-acmhainneacht i dtaca le feirmeoireacht agus ramhrú tuinníní gorma le haghaidh gach Ballstáit agus uas-ionchur tuinníní gorma a ghabhfar go fiáin a fhéadfaidh gach Ballstát a chionroinnt ar a fheirmeacha san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir

Tábla A

Uas-acmhainneacht i dtaca le feirmeoireacht agus ramhrú tuinníní		
	An líon feirmeacha	Acmhainneacht (i dtonaí)
An Ghréig	0	0
An Spáinn	6	14 752,70
An Chróit	4	7 092,00
An Iodáil	2	1 160,00
An Chipir	0	0
Málta	5	17 213,00
An Phortaingéil	2	740,00

Tábla B

Uas-ionchur tuinníní gorma a ghabhtar go fiáin (i dtonaí)	
An Ghréig	0
An Spáinn	8 744,10
An Chróit	2 945,60
An Iodáil	610,00
An Chipir	0
Málta	12 295,00
An Phortaingéil	517,00

’.

II. Cuirtear an Iarscríbhinn seo a leanas isteach i ndiaidh Iarscríbhinn II:

‘IARSCRÍBHINN IM

LIMISTÉAR CHOINBHINSIÚN NPFC

Tábla 1

Speiceas:	An ronnach Seapánach *(Scomber japonicus)*		Limistéar :	Limistéar Choinbhinsiún NPFC
An tAontas	6 000	(2)(3)(4)	TAC Réamhchúraim	
Páirtithe Conarthacha NPFC, lena n-áirítear an tAontas	94 000	(1)(2)(3)	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
TAC	Ní bhaineann le hábhar			

(1) Coinníoll speisialta: Faoin teorainn ghabhála seo, ní fhéadfaidh na soithí seo a leanas níos mó ná na cainníochtaí a thugtar thíos a ghabháil:

Trálaeir* (MAS/NPFC-TR)	Soithí peas-saighne* (MAS/NPFC-PS)
14 000	80 000

* Dúnfaidh Páirtithe Conarthacha NPFC na hiascaigh sin faoi na teorainneacha gabhála sin, agus déanfaidh an Coimisiún amhlaidh i gcás an Aontais, laistigh de 2 lá ó dháta eisiúna an fhógra ó Rúnaí Feidhmiúcháin NPFC lena dtabharfar le fios gur bhain úsáid na dteorainneacha gabhála sin 95 % amach.

(2) Ní údarófar ach trálaer amháin atá faoi bhratach Bhallstáit le hiascaireacht a dhéanamh ar ronnaigh Sheapánacha tráth ar bith. Tá feidhm aige sin gan dochar d’aon chionroinnt deiseanna iascaireachta amach anseo a dhéanfaidh an tAontas i limistéar Choinbhinsiún NPFC, go háirithe ar an mBallstát atá údaraithe chun iascaireacht a dhéanamh sa tréimhse ón 1 Meitheamh 2024 go dtí an 31 Bealtaine 2025.

(3) Ní údarófar soithí iascaireachta de chuid an Aontais atá os cionn 10 000 olltonnáiste le hiascaireacht a dhéanamh ar ronnaigh Sheapánacha.

(4) Déanfar gabhálacha faoin gcuóta seo a thuairisciú ar leithligh (MAS/NPFC-EU).

’.

III Cuirtear isteach an Iarscríbhinn seo a leanas i ndiaidh Iarscríbhinn X:

‘*IARSCRÍBHINN Xa*

LIMISTÉAR CHOINBHINSIÚN NPFC

An líon uasta soithí iascaireachta de chuid an Aontais atá údaraithe chun iascaireacht ghrinnill a dhéanamh i limistéar Choinbhinsiún NPFC:

An tAontas	0

’.

IARSCRÍBHINN II

Leasaítear Iarscríbhinn IA a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/194 mar a leanas:

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Chuid D:

‘CUID D

Speicis domhainfharraige

(1) Siorcanna domhainmhara

Ainm eolaíoch	Cód Alfa-3	Gnáthainm
Apristurus spp.	API	An catsúileach domhainfharraige
Centrophorus spp[1].	CWO	An siorc slogach
Centroscyllium fabricii	CFB	An fíogach dubh
Centroscymnus coelolepis[2]	CYO	An fíogach Portaingéalach
Centroscymnus crepidater	CYP	An fíogach slim socfhada
Chlamydoselachus anguineus	HXC	An siorc rufach
Dalatias licha[3]	SCK	An siorc eite eitleoige
Deania calcea[4]	DCA	An fíogach éansocach
Etmopterus princeps	ETR	An lóchrannsiorc mór
Etmopterus spinax	ETX	An lóchrannsiorc slimbhoilg
Galeus melastomus	SHO	An catsúileach béaldubh
Galeus murinus	GAM	An catsúileach luiche
Hexanchus griseus	SBL	An siorc liath
Oxynotus paradoxus	OXN	An siorc seol-eiteach (an garbhshiorc seol-eiteach)
Scymnodon ringens	SYR	An fíogach scianfhiacaile
Somniosus microcephalus	GSK	An siorc beagcheannach

[1] Beidh feidhm aige freisin maidir leis an siorc slogach gainneach duille (*Centrophorus squamosus*) in uiscí an Aontais agus uiscí na Ríochta Aontaithe i roinn 2a agus i bhfolimistéar 4 ICES.

[2] Beidh feidhm aige freisin in uiscí an Aontais agus uiscí na Ríochta Aontaithe i roinn 2a agus i bhfolimistéar 4 ICES.

[3] Beidh feidhm aige freisin in uiscí an Aontais agus uiscí na Ríochta Aontaithe i roinn 2a agus i bhfolimistéar 4 ICES.

[4] Beidh feidhm aige freisin in uiscí an Aontais agus uiscí na Ríochta Aontaithe i roinn 2a agus i bhfolimistéar 4 ICES.

(2) Roic dhomhainfharraige (*Rajiformes*)

Ainm eolaíoch	Cód Alfa-3	Gnáthainm
Raja fyllae	RJY	An sciata cruinn
Raja hyperborea	RJG	An sciata Artach
Raja nidarosiensis	JAD	An sciata Ioruach

(3) *Chimaeras* domhainfharraige

Ainm eolaíoch	Cód Alfa-3	Gnáthainm
Chimaera monstrosa	CMO	An coinín mara
Chimaera opalescens	WCH	An ciméara ópalach
Harriotta haeckeli	HCH	An ciméara spíonbheag
Harriotta raleighana	HCR	An ciméara socfhada
Hydrolagus affinis	CYA	An ciméara mionsúileach
Hydrolagus lusitanicus	KXA	An ciméara Portaingéalach
Hydrolagus mirabilis	CYH	An coinín mara bolgshúileach (an gránádóir)
Hydrolagus pallidus	CYZ	An ciméara taibhsiúil
Rhinochimaera atlantica	RCT	An ciméara sciansocach

’.